# AR CHUALA TÚ?

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Cúrsa Fáilteachais



Tá an-áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir go raibh deis againn an Cúrsa Fáilteachais a reáchtáil don tríú bliain as a chéile i gcomhar leis an gcomhlacht Bane & Mullarkey. D'fhreastail 23 scoláire idirbhliana ó Choláiste na bPiarsach, Ros Muc agus Scoil Pobal Mhic Dara, Carna ar an gcúrsa ar feadh 3 lá. Cuireann an cúrsa bunscileanna fáilteachais chun cinn chomh maith leis an tábhacht agus an tóir a bhaineann lenár dteanga, ár gcultúr, ár traidisiún agus ár n-oidhreacht ag turasóirí a thugann cuairt ar an gceantar. Cuireadh an-bhéim ar thábhacht na Gaeilge san earnáil turasóireachta agus na deiseanna fostaíochta atá ag daoine óga a bhfuil Gaeilge acu.





Tugadh na scoláirí ar thuras timpeall an limistéir chun suíomhanna turasóireachta an cheantair a fheiceáil agus eolas a bhaint amach fúthu ionas go mbeidh siad in ann an t-eolas sin a roinnt le turasóirí a thabharfaidh cuairt orainn. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le: Bernadette Mullarkey, an fhoireann ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Dáire agus foireann Ionad Chultúrtha an Phiarsaigh, Michelle, Orlaith & Éabha ag Teach Scríbe, Séamus Breathnach a roinn stair áitiúil agus lúibín Mhuighros linn, Clíona & an fhoireann ag Tigh Mheaic, Club Mara Chonamara Láir a thug deis dúinn an obair iontach atá ar siúl acu a fheiceáil, Paula Ní Loideáin, Oifigeach Turasóireachta le Cósta Gaelach Chonamara agus Árainn, Diarmuid ó Mainín agus na tiomanaithe bus ar fad a bheith linn agus ar deireadh na múinteoirí agus scoláirí as a gcabhair agus tacaíocht le linn an chúrsa. Is mar seo a rinne roinnt do na daltaí cuir síos ar na nithe is mó a rinne siad iontas dóibh le linn an chúrsa: An t-airgead gur féidir leat fháil ó rudaí simplí; Ag cloisteáil faoin méid daoine a thagann go hÉirinn agus spéis acu sa teanga, sa gcultúr, an tsuim atá ag turasóirí i stair na háite; agus go bhfuil go leor deiseanna turasóireachta sa gceantar.

# Ócáid Cheiliúrtha Buddies Gaeilge

**Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir tar éis an dara bliain ceiliúradh a bheith againn ag glacadh buíochais agus ag tabhairt aitheantais faoi leith do na scoláirí atá i mbun na scéime Buddies Gaeilge.**

**Tá ós cionn 50 Buddy Gaeilge againn anseo I gConamara Láir agus iad ag déanamh sár-obair inár scoileanna ó thaobh dul chun cinn na Gaeilge de, tré píosa léamh, cluichí boird agus cluichí sa gclós, a dhéanamh leis na bun-ranganna. Tá an Scéim Buddies Gaeilge mar chuid do phlean chomhoibrithe idir an scoil, agus an próiséas pleanála teanga. I measc na n-aíonna a bheith linn don chéiliúradh, bhí Niamh Ní Chroinín mar Bhean an Tí, Páidí Ó Lionáird, Bainisteoir Cumarsáide, Oifig An Choimisinéir Teanga a mheabhraigh bua na teangan don lucht féachana, ceoltóirí ó Scoil Phobail Mhic Dara, an t-amhránaí/an damhsóir Ronán Ó Conghaile, damhsoirí ó Scoil Rince Ré Órga. Bhí rimēad agus gliondar orainn nuair a tháinig Micí agus Minnie chun a gcomhghairdeas agus bronnadh a dhéanamh ar na Buddies. Buíochas do Choiste Ionad Pobail Chill Chiaráin, Tigh Mheaic, Tigh Mhic Dhonnacha, rannpháirtithe na scéimeanna, Aishling, Bróna & Siofra a bhí ag déanamh máisiúcháin aghaidh, na seastáin: Tuismitheoirí na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Muintearas Teo.,Ealaíon na Gaeltachta, Gaeloideachas, & Cló Iar Chonnacht. Ár mbuíochas chomh maith do  Seán Lydon maidir leis na pictiúir álainn.**














## Cuairt Chumann Pádraig Mac Piarais

**Le gairid thug Grúpa Gaeilge ó Chumann Phádraig Mhic Phiarais as Ros Comáin cuairt orainn anseo i gConamara Láir agus is mar seo a rinne Máire Ní Dhorcaí, oifigeach Gaeilge an chumainn, cur síos ar an bhfáilte a cuireadh rompu.**

**'Ta muid an-bhuíoch daoibh as ucht imeacht ar nós seo a eagrú dúinn a chuireann chuile ghné den chultúr Gaeltachta faoi sholas dúinn. Creidim go láidir go bhfuil na ceantair Ghaeltachta sa tír seo fós beo mar gheall ar na hiarrachtaí agus an obair atá ar siúl agaibh agus bhur leithéid.'**

**Tá buíochas ollmhór le tabhairt ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir d'Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Clíona ó Tigh Mheaic, Bridie Uí Chonámha, Noel Ó Murchú & Peadar Ó Mainín, Conall Ó Mainín, Michael Ó Conghaile, Bláithín, Neil, Fia & Meadbh, ó Scoil Ré Órga.**









## Club Cásca Mol An Óige

**Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir an Campa Cásca a reáchtáil arís i mbliana. D'fhreastail 33 gasúr ar Champa Mol An Óige i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh, Rosmuc. Ba champa Gaeilge a bhí i gceist lán le himeachtai agus cluichí iontacha. Buíochas mór le Fiona Bhreathnach a bhí os cionn an champa, le Aisling Ní Neachtain, Gráinne Ní Chonaire agus Gráinne Nic an Iomaire a bhí mar chúntóirí.**








## Ócáid Chlainne Scoil Mhuighinis

Tháinig an ghrian amach agus las sé suas Scoil Cholmáin i Muighinis i gcóir Ócáid Chlainne na Cásca ar an 27ú Márta seo caite. D'eagraigh Coiste Tuismitheoirí Scoil Cholmáin an t-imeacht chun airgead a bhailiú don scoil, agus an méid atá le tairiscint sa scoil, a cheiliúradh agus an pobal a fháiltiú isteach. Bhí sé mar aidhm, chomh maith, imeacht dá leithead, rud a bhíonn ar chlann óga taistil chuig go hiondúil agus iad á rith trí Bhéarla amháin, a chuir ar fáil do Phobail Óg Iorrais Aithní agus é a bheith trí mheáin na Gaeilge.

Ba mhór leis an gCoiste an tacaíocht a thug Pleanáil Teanga Chonamara Láir, pobal na scoile, iar-thuismitheoirí agus iar-scoláirí a chabhraigh ar an lá agus an pobail a d'fhreastail ar an Ocáid- go bhfeicfidh muid ar an t-ám seo an chéad bhliain eile sibh ar fad agus tuilleadh!







## Club Mara Chonamara Láir

Bhí Cúrsa Tógála Currach ar siúl i gClub Mara Chonamara Lair ó 9 Feabhra go dtí 15 Márta agus thaispeáin Ciarán Mac Donncha conas curach rásaíochta traidisiúnta 3 rámha a thógáil i gCanbhás agus i nGloine Snáithín.

Beidh seans ag an bpobal an obair iontach a cuireadh isteach sna báid a fheiceáil ag an 19ú Bealtaine nuair a bheidh oscailt oifigiúil an chlub agus lainseáil na mbád ar siúl ag 15:00 i Más. Tuilleadh eolais ag teacht go luath.



## Ranganna Ciorcal Comhrá

Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghlacadh leis na rannpháirtithe uilig a ghlac páirt sna Ranganna Ciorcal Comhrá i gCloch na Rón le gairid, agus buíochas chomh maith do Mhuinteoir Mairéad.



## Siompóisiam Eacnamaíochta

Tionóladh Siompóisiam Eacnamaíoch in Ionad na nImirceach, Carna, an 26 Márta agus ba í an aidhm a bhí leis ná comhrá a mhúscailt faoin ról atá ag gnó maidir le ceantar tuaithe a fhorbairt. D’oscail Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta an Siompóisiam agus chuir sé béim ar a thábhachtaí atá sé eolas, taithí agus saineolas a roinnt chun tacú le forbairt i bpobal tuaithe cosúil le Conamara Láir. Chuir Peadar Mac an Iomaire, Iar-Phríomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscoile Gaeilge, béim ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach mar thacaíocht don gheilleagar áitiúil. Chuir Alan Esselmont, Ard Stiúrthóir TG4, agus Gearóid Mac Donnacha, Leas- Cheannaire RnaG, na meáin agus na healaíona i láthair mar dheiseanna fáis. Leag Domonic Ó Móráin agus Ethna Murphy, comhairleoirí turasóireachta, béim ar an turasóireacht mar phríomhspreagthóir don fhorbairt eacnamaíoch. Ag labhairt ag an Siompóisiam chuir Evelyn O’Toole, Príomhfheidhmeannach CLS, Ros Muc béim ar fhís láidir agus muinín nuair atá tú i mbun gnó. Labhair Mac Dara Ó Cuaig ó Fhoras na Mara agus Jim Keogh ó Arramara faoi na deiseanna agus féidearthachtaí in earnáil na mara agus leag siad béim ar an ngeilleagar gorm mar acmhainn shuntasach. Rinne Micheál Ó Clochartaigh ó Fhuinneamh Sceirde cur síos ar na pleananna atá ann ó thaobh fuinneamh in-athnuaite de. Léirigh Joanne Mangan ó Grow Remote faoi a bheith ag oibriú go cianda agus inmharthanacht eacnamaíoch i limistéir mar Chonamara Láir. Leag Maria Staunton ó ATU béim ar dheiseanna do mhná atá i mbun gnó tríd an gclár CUMASÚ, co-fhiontar idir ATU agus Údarás na Gaeltachta. Bhí meascán de chuir i láthair agus idirphlé ann chun deis a thabhairt don phobal ionchur a bheith acu ina bhfís don todhchaí tríd na ceisteanna ar Mentimeter.  Tríd is tríd, d’éirigh go han-mhaith leis an Siompóisiam agus d’fhreastail os cionn seachtó duine ar an ócáid. Táimid ag súil tuarascáil a chur ar fáil go luath leis na smaointe agus na moltaí a tháinig chun cinn. Buíochas mór d’Údarás na Gaeltachta, FCL, Pleanáil Teanga Chonamara Láir, Ionad na nImirceach, na haoichainteoirí agus na daoine a d’fhreastail ar an Siompóisiam. Mar a deirtear ‘ ‘ní neart go cur le chéile!’
















# Filí Chonamara Láir i gcóir Lá Filíochta na hÉireann

## Tom Molloy

Mairéad Uí Dhomhnaill



Tá an caitín is deise agam dá bhfaca tú riamh,
Leanann sé gach áit mé fiú amach ar an sliabh.
Ag rith ar chuileoga, mar níl aige aon chiall,
Níl aon fheithidí sábhailte, fiú fhéin an míol.

Tá cead a chomhairle fhéin aige timpeall an tí,
Is bíonn a shorn sáite aige isteach í ngach ní,
Níl uaigh ach an spraoi ó mhaidin go hoiche,
'S mise a bhíonn sástas nuair a théigheann sé
ina luí.

Inseoidh mé a ainm dúit 's déanamh tú gáire,
ach níl aon aiféala orm faoi ná aon náire,
mar is é an t-ainm a thug mé air ná "Tom
Molloy"
is séard é fhéin ná buachaillín báire!


Bíonn muid ag caint leis agus tuigeann sé muid,
Bíonn neart raic aige muna bhfaigheann sé a
chuid,
Is maith leis iasc ach is fearr leis an fheoil,
Is a gcreidfeá uaimse é gur maith leis port ceoil.

Níl luch ná francach fágtha aige amuigh sa
gharraí,
Tá sléacht mór déanta aige tá siad uilig marbh,

Ní ghoilleann sé air agus ní bhíonn sé sorry,
Nuair a fháigheann sé bainne bíonn sé chomh
sásta le Larraí.

## An leabhar

Mary Uí Fhlatharta



Foireann na leabharlainne ciúine
Ar thóir mo rogha leabhar,
Cinneadh le déanamh.

Úrscéal, gearrscéal,
Foclóir, ficsean nó leabhar filíochta.
Scéal rómánsúil nó ábhar foghlama?

Clúdach crua, le teideal an leabhair,
Barr an leathanaigh
Le cuimhní cinn,
Bun na bileoige
Le heolas cruinn.
Ag léamh na caibidile,
Sáite i gcarachtair an scéil.

Údar i mbun pinn,
Ábhar shuimiúila nó ábhar ghrinn,
Peann le pár, gan dada fágtha ar lár,
Ainm cleite, le stíl soléite.

Cló na gclódóirí do Chlub Leabhar
agus peist an leabhair,
Ach, thabharfainn an leabhar
Gur léigh mé é sin cheana!

# Coirnéal Chomhrá

## Aoí na Míosa: Cormac Ó Conaire



**Post: Oibrím mar innealtóir agus tá fiche bliain caite agam anois le Medtronic. Is mé an tOifigeach Gaeilge agus Cultúir le CLG Na Gaillimhe ó 2022. I mbliana ainmníodh mé ar Choiste Náisiúnta na Gaeilge leis an gCumann Lúthchleas Gael ó 2024 go 2027.**

**1. Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Cormac Tom, mac le Tom Mhichael Shéan Paddy agus Treasa Phat Máirtín Bheilbigh. Leasainm – Starie!

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Cnoc na Cathrach ach tá mo chroí i nGleann Catha!

3. **Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge agus an mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Ní úsáidim Gaeilge le linn mo lá oibre. Tá formhór na ndaoine a mbím ag obair leo lasmuigh d'Éirinn. Ach táim ar an gcoiste ilchultúrtha. Cabhraím leis an nGaeilge a chur chun cinn laistigh dár n-eagraíocht. Tagann scoileanna ar cuairt chugainn agus déanaim óstáil ar an gcuairt i nGaeilge. Taistealaím chuig na scoileanna freisin chun tacú le STEM as Gaeilge. Bíonn imeachtaí 'pop up Gaeltacht' againn d'oibrithe freisin. Taobh amuigh den obair, táim bródúil as an ról atá agam sa CLG d'fheabhsú na Gaeilge.

**4. Céard é an béile is fearr leat?** Feed cluaisíní le cáca baile.

**5. Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Béile trí chúrsa Tí Chlarke! Leath gloine fuisce, pionta Guinness (an pionta is fearr in Éirinn) agus mála Tatyo.

6. **Céard é an boladh is fearr lea**t? Boladh tine móna nuair a bhíonn sé ag báisteach go trom taobh amuigh!

**7. Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Gach spórt beagnach! Ba é 'Paddy na Meachain' an clár teilifíse ab fhearr a chonaic mé le fada an lá. Bhí sé iontach! Is fearr liom éisteacht leis an raidió go mór mór RnaG.

**8. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Déanaim iarracht galf a imirt. Tá mé i mo bhall do chlub gailf Bhearna, is é an naoú poll déag an ceann is fearr ar ndóigh!

**9. An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Seachtain sa Veinéis agus sa Róimh. An stair, an cultúr, an ealaín, na músaeim, na foirgnimh agus ní raibh an bia go dona ach an oiread. Ní duine naofa mé ach bhíomar i gcearnóg Naomh Peadar agus chonaiceamar Pápa Benedict XVI. Bhuail muid le duine as Ros Muc i measc na mílte duine a bhí ann, nach tráthúil!

**10**. **Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Faoi láthair is scannáin chartúin a bhíonn muid ag breathnú orthu. Tugaimid ár mbeirt mac, Cóilín agus Dónal go dtí an phictiúrlann. Thaitin an scannán 'Super Mario Bros' linn! Is maith liom 'Western' maith, cosúil le 'The Unforgiven'.

**11. Dá mbeifeá chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?** Dírbheathaisnéis! Faoi láthair tá mé ag léamh 'An Unsung Hero' faoi Tom Crean. Léigh mé an leabhar faoi Che Guevara 'Companero' tamall ó shin. Leabhair staire freisin ar nós, 'Ráth Chairn: An Talamh Bán' agus 'Atlas of the Great Irish Famine' ach tá an ceann sin le críochnú fós agam.

**12. An noiméad den lá is fearr leat?** An nóiméad a osclaím mo shúile ar maidin. Is í an mhaidin an t-am den lá is fearr liom.

**13**. **An t-am den bhliain is fearr leat?** Is féidir liom dáta a chur air! An 21ú Nollaig. An solas lae is giorra den bhliain. Téim isteach sa chrannchur do Shí an Bhrú gach bliain le bheith istigh sa seomra - b'fhéidir i mbliana. Ba é sin lá breithe m'athar  freisin.

**14. Aon chomhairle a cuireadh ort?** Deir mo mháthair liom labhairt go mall nuair a bhíonn orm agallamh nó óráidí a thabhairt. Mo chomhairle 'Ná fág ar an méar fhada é.'

## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Zara Mulkerrins, a bhuaigh an comórtas an mhí seo.
Is í Paula Lydon, Oifigeach Turasóireachta Cósta Gaelach Chonamara & na hOileán, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Bhealtaine chuig opt@conamaralair.ie nó opt1@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.



### Logainm na Míosa: Gleann Chatha

Dé réir an t-seanachas bhí troid nó cath an fadó idir dhá dhream faoi eallach beithigh sa nGleann.

### Seanfhocal na Míosa:

An té a bhíonn amuigh, fuarann a chuid!

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
opt1@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta:anga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.n Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**